SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

# Achoimre Fheidhmeach

## An Spórt á Chumhachtú: Ag Tacú le Forbairt an Lucht Saothair Ghairmiúil sa Spórt in Éirinn (2026-2030)

## Réamhrá

Is iad na daoine a thugann cumhacht don spórt in Éirinn. Ó na saorálaithe a choinníonn clubanna pobail ag an mbunleibhéal ag dul go dtí an fhoireann ghairmiúil a dhéanann cláir a threorú, a stiúradh agus a fhorbairt, is iad na daoine a chumasaíonn rannpháirtíocht, feidhmíocht agus dul chun cinn.

Is é An Spórt á Chumhachtú: Ag Tacú le Forbairt an Lucht Saothair Ghairmiúil sa Spórt in Éirinn (2026–2030) an chéad straitéis atá dírithe ar an lucht saothair sa spórt in Éirinn.

Freagairt dhíreach é ar an mBeartas Náisiúnta Spóirt, 2018-2027 agus ar an bPlean Gníomhaíochta Spóirt, 2024-2027, ina leagtar de shainchúram ar Spórt Éireann tacú le forbairt straitéiseach an lucht saothair ghairmiúil sa spórt laistigh de Choistí Náisiúnta Rialaithe (CNRanna), Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt (CÁSanna) agus comhlachtaí maoinithe eile.

Aithnítear sa straitéis seo an méid ollmhór atá á dhéanamh cheana féin agus cé chomh casta is atá an timpeallacht ina bhfeidhmíonn an spórt ag éirí. Bhíodh an spórt in Éirinn bunaithe ar mhúnla saorálaíochais den chuid ba mhó, ach anois tá sé bunaithe ar mhúnla ina n-oibríonn breis is 2,000 gairmí íoctha ar fud eagraíochtaí maoinithe, le tacaíocht ó na céadta mílte saorálaithe.

Táthar ag súil le tuilleadh ag an am céanna – lena n-áirítear rialachas, cumhdach, ionchuimsiú, ardfheidhmíocht, cur chun cinn na sláinte, claochlú digiteach agus ionadaíocht idirnáisiúnta.

Tá sé riachtanach go mbeadh lucht saothair pleanáilte go straitéiseach, dea-thacaithe agus réidh don todhchaí againn más mian le hÉirinn leanúint de rannpháirtíocht a mhéadú, sármhaitheas a bhaint amach agus an méid a chuireann an spórt leis an tsochaí a neartú. Leagtar amach sa straitéis seo creat soiléir chun an lucht saothair sin a ghairmiúlú agus a chothú, agus tacú leis, idir 2026 agus 2030.

## Réasúnaíocht na straitéise

**Earnáil atá ag fás agus ag éirí níos casta**
Ó bunaíodh Comhairle Spóirt na hÉireann (Spórt Éireann anois) in 1999, tá fás suntasach agus gairmiúlú tagtha ar an spórt in Éirinn.

Cuireadh tuilleadh borrtha faoin gclaochlú sin mar thoradh ar infheistíocht mhéadaithe ón rialtas i ndiaidh fhoilsiú an Bheartais Náisiúnta Spóirt, 2018-2027.

Oibríonn go leor comhlachtaí maoinithe anois, go háirithe CNRanna, le foirne ceannaireachta struchtúrtha, foireann speisialaithe agus na milliúin euro de láimhdeachas. Bíodh sin mar atá, is ann do ghrúpa CNRanna aitheanta atá fós ag feidhmiú ar bhonn iomlán deonach.

Tá an earnáil comhdhéanta, dá bhrí sin, d'eagraíochtaí lánghairmiúlaithe, múnlaí hibrideacha agus comhlachtaí faoi stiúir saorálaithe – rud is cúis le cumas míchothrom agus leibhéil éagsúla aibíochta sa lucht saothair.

Tá creat comhleanúnach, comhréireach agus uile-earnála le haghaidh an lucht saothair ag teastáil anois chun tacú le fás inbhuanaithe.

**Brú i margadh an tsaothair**
Forbraíodh an straitéis tráth a raibh beagnach lánfhostaíocht ann in Éirinn. Agus an ráta dífhostaíochta náisiúnta thart ar 5%, tá an spórt in iomaíocht le hearnálacha poiblí, príobháideacha agus neamhbhrabúis le haghaidh daoine cumasacha.

I measc na ndúshlán tá:

- Brúnna coinneála agus costais oibriúcháin mhéadaithe
- Difríochtaí pá agus coinníollacha idir earnálacha
- Pleanáil theoranta fhadtéarmach don lucht saothair i roinnt eagraíochtaí
- Neamhchosaint ar dhlí fostaíochta agus rialacháin chánach atá ag athrú i gcónaí
- Éileamh méadaitheach ar sainscileanna nach mbaineann le spórt, lena n-áirítear intleacht shaorga, claochlú digiteach agus inbhuanaitheacht

Gan idirghabháil chomhordaithe, tá an baol ann go gcuirfeadh na brúnna sin srian ar chumas na hearnála cuspóirí beartais náisiúnta a bhaint amach.

**An gá le pleanáil struchtúrtha don lucht saothair**
Fuarthas amach ón gcomhairliúchán, cé go bhfuil pleanáil oibríochtúil coitianta go leor, nach bhfuil pleanáil fhoirmiúil fhadtéarmach i ndáil leis an lucht saothair fréamhaithe go fóill i bhformhór na gcomhlachtaí maoinithe. Bíonn éagsúlacht shuntasach ann ó thaobh cumas AD de, go háirithe idir eagraíochtaí móra agus eagraíochtaí beaga.

Ina theannta sin:

- Ní ann d'aon lárchonair aistrithe do chéimithe
- Níl na bealaí dul chun cinn gairme sainmhínithe go comhsheasmhach
- Níl aon leanúnachas sna sonraí maidir leis an lucht saothair agus níl ach méid teoranta ar fáil
- Tá na conairí forbartha ceannaireachta tearcfhorbartha
- Tá an éagsúlacht i measc na gceannairí sinsearacha fós míchothrom

Chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sin, tá gá le gníomhaíocht struchtúrtha, straitéiseach agus ilbhliantúil.



## Próiseas Comhairliúcháin & Forbartha na Straitéise

Forbraíodh an straitéis trí phróiseas cuimsitheach dhá chéim um chomhairliúchán agus taighde, a bhí faoi stiúir Spórt Éireann agus tacaithe ag comhairleoir neamhspleách.

**Céim a hAon: Taighde agus Bailiú Fianaise**
Áiríodh leis an gcéim seo:

- Athbhreithniú ar bheartas náisiúnta spóirt agus ar dhoiciméid straitéiseacha
- Athbhreithniú ar an litríocht idirnáisiúnta, lena n-áirítear teagmháil le ceannairí lucht saothair i Spórt Shasana, Spórt na Nua-Shéalainne agus Spórt Thuaisceart Éireann
- Athbhreithniú ar thuarascálacha ó mhargadh an tsaothair agus tuarascálacha eacnamaíocha (POS, ESRI, ECFE)
- Suirbhé mionsonraithe a eisiúint chuig eagraíochtaí maoinithe

**Céim a Dó: Teagmháil Dhíreach**
Sa dara céim, rinneadh teagmháil dhíreach le comhlachtaí san earnáil agus le páirtithe leasmhara, amhail:

- An Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt
- Lucht Ardbhainistíochta Spórt Éireann
- Ionadaithe ón nGrúpa Oibre um Míchumas sa Spórt
- Ionadaithe ón nGrúpa Comhairleach um Éagsúlacht agus Ionchuimsiú
- Cónaidhm Spóirt na hÉireann
- Earnáil an oideachais tríú leibhéal

Ina theannta sin, d'éascaigh Spórt Éireann

- 20 agallamh duine le duine le páirtithe leasmhara, idir inmheánach agus seachtrach
- 5 fhócasghrúpa le CNRanna, CÁSanna agus comhlachtaí maoinithe
- 6 chruinniú fhoirmiúla den ghrúpa oibre um fhorbairt straitéise

Mar thoradh ar an bpróiseas sin, cinntíodh go raibh an straitéis bunaithe ar fhianaise, faoi úinéireacht na hearnála agus ag teacht leis an dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

## Príomhréimsí léargais a tháinig chun cinn ón gcomhairliúchán

Tháinig ocht gcroí-réimse léargais chun cinn ón bpróiseas taighde agus teagmhála:

**1. Fírinní mhargadh an tsaothair**
Feidhmíonn an spórt laistigh de mhargadh saothair a bhfuil ganntanas daoine ann, agus bíonn níos mó agus níos mó iomaíochta ann le haghaidh na ngairmithe oilte. Is iad eagraíochtaí beaga atá thíos go háirithe le costais oibriúcháin agus brúnna coinneála a bhíonn ag dul i méid.

**2. Solúbthacht ó thaobh infheistíochta agus airgeadais de**
Bíonn timthriallta bliantúla maoinithe ina laincis ar phleanáil fhadtéarmach i dtaca leis an lucht saothair. Léiríonn eagraíochtaí a bhfuil sruthanna éagsúlaithe ioncaim acu teacht aniar agus solúbthacht níos fearr ó thaobh an lucht saothair de.

**3. Pleanáil don lucht saothair agus cumas AD**
Tá pleanáil fhoirmiúil i dtaca leis an lucht saothair fós tearcfhorbartha in go leor comhlachtaí. Is minic a bhíonn dúbláil i gceist i gcúraimí riaracháin, TF agus rialachais in CNRanna beaga. Ní ann d'aon chlár tacaíochta struchtúrtha faoi láthair chun cabhrú le heagraíochtaí atá faoi stiúir saorálaithe athrú ina n-eagraíochtaí le foirne gairmiúla.

**4. Earcaíocht, coinneáil agus aitheantas**

Tá baint ag na dúshláin earcaíochta agus choinneála le:
- Pá agus dálaí oibre neamh-chomhsheasmhacha
- Na teorainneacha a mheastar a bheith le dul chun cinn gairme
- Easpa conairí comhordaithe náisiúnta um aistriú do chéimithe nó lárstraitéisí um chur chun cinn gairme don spórt

**5. Bearnaí sna sonraí agus san fhianaise**

Níl fáil ach ar mhéid teoranta sonraí láraithe maidir le:
- Déimeagrafaic an lucht saothair
- Pá agus coinníollacha
- Gluaiseacht agus coinneáil foirne
- Leibhéil rannphháirtíochta

Fágann sé sin nach mbíonn bonn ceart eolais faoin bpleanáil i ndáil leis an lucht saothair.

**6. Gairmiúlacht agus forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL)**

Cé go gcuireann go leor eagraíochtaí FGL ar fáil, i measc na gconstaicí tá am, costas agus bonneagar digiteach teoranta. Ní ann d'aon chreat inniúlachta uile-earnála ná lárchóras bainistíochta foghlama (CBF).


I measc na riachtanas scile atá ag teacht chun cinn tá:
- Intleacht shaorga agus claochlú digiteach
- Tráchtálú agus urraíocht
- Inbhuanaitheacht agus an t-aistriú glas
- Cumas ceannaireachta agus rialachais

**7. Éagsúlacht sa Lucht Saothair**
Tá daonra na hÉireann ag éirí níos éagsúla. Mar sin féin, níl an ionadaíocht sa lucht saothair - go háirithe ag an ardleibhéal — ag teacht go hiomlán leis an bpróifíl dhéimeagrafach náisiúnta go fóill. Tá tacaíocht struchtúrtha i dtaca le hearcaíocht chuimsitheach agus inrochtaineacht san ionad oibre ag teastáil ó eagraíochtaí.


**8. Rannchuidiú idirnáisiúnta**
Tá líon mór post ag riarthóirí Éireannacha i gcónaidhmeanna idirnáisiúnta cheana féin. Dá mhéad daoine Éireannacha atá sna poist sin is ea is láidre a bheidh guth, líonraí agus torthaí ardfheidhmíochta na hÉireann. D'fhéadfadh píblíne struchtúrtha cheannaireachta é sin a fheabhsú tuilleadh.

# Earnáil Spóirt na hÉireann ina hUimhreacha


### An líon ball foirne i gComhlachtaí arna Maoiniú ag Spórt Éireann




### Coistí Náisiúnta Rialaithe Spóirt




### Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt




### Comhlachtaí Ionadaíocha/ Comhlachtaí Maoinithe Eile




* Faisnéis bunaithe ar iarratais ar chroímhaoiniú 2025 agus ar thuairiscithe foirmiúla eile a rinne comhlachtaí maoinithe.

## Conclúid

*Is mórathrú é An Spórt á Chumhachtú* ar an gcaoi a dtacaíonn Éire leis an lucht saothair gairmiúil sa spórt sa tír. Aithnítear sa doiciméad, cé gurb iad na saorálaithe cnámh droma an spóirt in Éirinn i gcónaí, go bhfuil lucht saothair gairmiúil atá sciliúil, a fhaigheann tacaíocht agus a dhéantar a fhorbairt go straitéiseach riachtanach chun iad a chothú agus a threisiú.

Ní bhaineann an straitéis seo le forbairt a lárú; baineann sí le cumas a chumasú. Tugtar urraim do neamhspleáchas agus d'éagsúlacht na gcomhlachtaí maoinithe agus, ag an am céanna, réitítear an bealach le haghaidh tacaíochtaí comhréireacha, conairí struchtúrtha agus comhordú straitéiseach.

Ach infheistíocht a dhéanamh i ndaoine, i bpleanáil níos fearr, i gconairí gairme níos soiléire, in aitheantas gairmiúil feabhsaithe, in éagsúlacht fheabhsaithe, agus i bhforbairt ceannaireachta níos láidre, beidh Éire in ann a chinntiú go mbeidh an lucht saothair spóirt athléimneach, ionchuimsitheach agus réidh do na dúshláin agus na deiseanna a bheidh le sárú agus le tapú sna blianta atá le teacht.



## Plean Cur chun Feidhme 2026–2030

### EOCHAIR EOLAIS

**RCCS** - An Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt
**ADF SÉ** - Aonad Frithdhópála & Eitice Spórt Éireann
**Cóitseáil SÉ** - Aonad Cóitseála Spórt Éireann
**Cumarsáid SÉ** - Aonad Cumarsáide, Gnóthaí Corparáideacha & Margaíochta Spórt Éireann
**CÉ&I SÉ** - Comhionannas, Éagsúlacht & Ionchuimsitheacht Spórt Éireann
**Míchumas SÉ** - Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas Spórt Éireann
**Rialachas SÉ** - Aonad Rialachais, Riosca, Comhlíonta & Straitéise Spórt Éireann
**AF SÉ** - Aonad Ardfheidhmíochta Spórt Éireann
**Nuálaíocht SÉ** – Aonad Taighde, Meastóireachta & Nuálaíochta Spórt Éireann
**CNR SÉ** - Aonad Spórt Éireann um na gCoistí Náisiúnta Rialaithe Spóirt
**FEA SÉ** - Aonad Spórt Éireann um Fhorbairt Eagraíochtúil agus Athrú
**Rannpháirtíocht SÉ** - Aonad Rannpháirtíochta Spórt Éireann
**Taighde SÉ** - Aonad Taighde, Meastóireachta & Nuálaíochta Spórt Éireann
**MSS SÉ** - Mná sa Spórt Spórt Éireann

| Colún Straitéiseach | Cuspóir | Gníomh | Faoi Stiúir |
|---|---|---|---|
| **Infheistíocht & Acmhainní** | Pleanáil straitéiseach don lucht saothair a chumasú trí infheistíocht inbhuanaithe | · 'Croí'-infheistíocht do CNRanna agus CÁSanna ionas go bhféadfaí pleanáil agus forbairt straitéiseach a dhéanamh don lucht saothair. | RCCS<br>CNR/Rann-pháirtíocht SÉ |
| | Tacú le solúbthacht eagraíochtúil trí éagsúlú ioncaim | · Leanúint d'fhiosrú a dhéanamh ar thionscnaimh a chuireann ar chumas comhlachtaí maoinithe sruthanna ioncaim éagsúla a fhorbairt agus iad a spreagadh, agus mar sin cur le cobhsaíocht airgeadais agus solúbthacht in earcaíocht agus coinneáil a mhéadú. | FEA SÉ<br>CNR SÉ<br>Cumarsáid SÉ |
| **Pleanáil don Lucht Saothair & Próisis AD** | Pleanáil fhoirmiúil don lucht saothair a bhunú i gcomhlachtaí maoinithe | · Tacaíocht, acmhainní agus dea-chleachtais saincheaptha a chur ar fáil chun pleanáil fhoirmiúil don lucht saothair a fhorbairt agus a fheabhsú.<br><br>· Iniúchtaí ar scileanna agus measúnuithe ar riachtanais foghlama a éascú. | FEA SÉ |
| | Feidhmeanna AD i gcomhlachtaí maoinithe a neartú | · Tacaíocht speisialaithe a chur ar fáil chun acmhainneacht AD a fhorbairt i gcomhlachtaí maoinithe.<br><br>· Rochtain ar shainchomhairle agus uirlisí AD a mhéadú.<br><br>· Leanúint den mhol lárnach acmhainní AD a fhorbairt chun tacú le comhlachtaí maoinithe.<br><br>· Treoir a chur ar fáil do bhoird agus foirne feidhmiúcháin i gcomhlachtaí maoinithe faoina bhfreagrachtaí agus faoi dhea-chleachtas mar fhostóirí. | FEA SÉ |
| | Tacú le haistriú eagraíochtúil ó shamhail atá bunaithe ar oibrithe deonacha go dtí samhail atá bunaithe ar bhaill foirne ghairmiúla | · Clár tacaíochta céimnithe agus spriocdhírithe a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun eagraíochtaí sainaitheanta a threorú tríd an bpróiseas aistrithe. | FEA SÉ<br>CNR SÉ<br>Rialachas SÉ |

| Colún Straitéiseach | Cuspóir | Gníomh | Faoi Stiúir |
|---|---|---|---|
| **Earcaíocht, Coinneáil & Aitheantas** | Píblíne thallainne inbhuanaithe a bhunú san earnáil spóirt | · Cláir struchtúrtha aistrithe céimithe a fhorbairt a dhéanfaidh céimithe as disciplíní a bhaineann agus nach mbaineann le spórt a lánpháirtiú sa lucht saothair trí mheantóireacht, oiliúint agus deiseanna socrúcháin.<br>· Feachtais uile-earnála a fhorbairt chun gairmeacha sa spórt a chur chun cinn agus chun feasacht a ardú faoi dheiseanna in eagraíochtaí maoinithe.<br>· Tairseach láraithe gairmeacha a chur ar fáil chun faisnéis faoi ghairmeacha a chuíchóiriú agus chun rochtain ar thallann ar fud na hearnála a fheabhsú. | FEA SÉ<br>CNR SÉ<br>Rialachas SÉ |
| | Feabhas a chur ar mhealltacht agus infheictheacht ghairmeacha sa spórt | · Na sochair nach luach saothair iad a bhaineann le bheith ag obair sa spórt a chur chun cinn, lena n-áirítear cur leis an tsláinte phoiblí, le comhtháthú sóisialta agus le forbairt pobail.<br>· Uirlisí agus acmhainní a thabhairt d'eagraíochtaí chun brandáil fostóirí, rannpháirteachas ball foirne agus folláine san áit oibre a neartú.<br>· Samhlacha fostaíochta solúbtha agus nuálacha a spreagadh, mar shampla postroinnt, cianobair agus róil seirbhíse chomhroinnte, chun gairmithe oilte a mhealladh agus a choinneáil. | FEA SÉ<br>CNR SÉ<br>Rann-pháirtíocht SÉ<br>Cumarsáid SÉ |
| | Tacú le rannpháirtíocht agus folláine ionchuimsitheach sa lucht saothair | · Leanúint de thionscnaimh shaincheaptha um fhorbairt ceannaireachta a chur i bhfeidhm (i.e. díriú ar mhná/fir/gach duine a mbíonn tionchar acu ar rialachas, struchtúir agus próisis) chun ionadaíocht ar mhná i róil chinnteoireachta shinsearacha i gcomhlachtaí spóirt a mhéadú.<br>· Faisnéis, treoir agus acmhainní a chur ar fáil don earnáil faoi thacaíochtaí máithreachais/atharthachta/tuismitheora. Féadfaidh bunchaighdeáin inscálaithe agus teimpléid bheartais a bheith san áireamh leo sin, chun tacú le cur chuige leanúnach, cothrom agus ionchuimsitheach ar fud comhlachtaí maoinithe, atá comhréireach lena méid agus lena n-acmhainní.<br>· Cláir agus acmhainní spriocdhírithe a fhorbairt chun tacú le mná agus le grúpaí sainaitheanta eile atá ag filleadh ar an lucht saothair tar éis sosanna gairme.<br>· Treoir agus tacaíocht a thairiscint chun tionscnaimh um aitheantas, rannpháirteachas agus folláine a léiríonn meas ar an méid a dhéanann an lucht saothair gairmiúil a chur i bhfeidhm.<br>· Cleachtais earcaíochta agus conairí forbartha gairme ionchuimsitheacha a léiríonn éagsúlacht na bpobal a ndéanann an earnáil spóirt freastal orthu a chur chun cinn. | FEA SÉ<br>MSS SÉ<br>CÉ&I SÉ<br>Míchumas SÉ |
| **Léargais & Sonraí** | Pleanáil don lucht saothair agus iomaíochas an lucht saothair a neartú le sonraí agus léargais uile-earnála | · Staidéir chuimsitheacha ar an lucht saothair a choimisiúnú chun tagarmhairc a bhunú agus mar bhonn eolais do phleanáil straitéiseach agus chun cúrsaí baill foirne a réamhaisnéisiú.<br>· Moltaí bunaithe ar shonraí a fhorbairt chun tacú le forbairt an lucht saothair i gcomhlachtaí maoinithe.<br>· Taighde ar phá agus coinníollacha reatha ar fud na hearnála a choimisiúnú. | FEA SÉ<br>Taighde SÉ |

| Colún Straitéiseach | Cuspóir | Gníomh | Faoi Stiúir |
|---|---|---|---|
| **Gairmiúil-Gairmiúlú, Forbairt Scileanna & FGL** | Creataí inniúlachta agus conairí gairme soiléire a bhunú ar fud na hearnála spóirt | · Creataí inniúlachta a fhorbairt ar fud na hearnála a thugann sainmhíniú ar ionchais maidir le róil, bealaí um dhul chun cinn, agus riachtanais um pleanáil comharbais le haghaidh poist ar an leibhéal iontrála go dtí poist ceannaireachta sinsearaí. | FEA SÉ<br>CNR SÉ |
| | Cláir FGL shaincheaptha a dhíríonn ar an todhchaí a sholáthar | · Cláir FGL a dhearadh agus a sholáthar, ar cláir iad a thagann le creataí inniúlachta, agus a thugann tús áite do scileanna inoiriúnaithe trí chóitseáil, meantóireacht agus tionscnaimh forbartha ceannaireachta.<br><br>· Anailís ardleibhéil ar riachtanais foghlama a dhéanamh go rialta chun na bearnaí scileanna atá ag teacht chun cinn a shainaithint, dul in oiriúint d'athruithe straitéiseacha, agus tacú le forbairt leanúnach san earnáil. | FEA SÉ |
| | Earnáil inscálaithe agus inrochtana a chruthú trí CBF láraithe | · Infheistiú i gcur i bhfeidhm CBF láraithe a thairgeann oiliúint sholúbtha ar éileamh i scileanna teicniúla, bainistithe agus ceannaireachta. | FEA SÉ<br>Cóitseáil SÉ<br>ADF SÉ |
| | Cumais tráchtála agus straitéiseacha a fhorbairt sa lucht saothair | · Oiliúint agus acmhainní a chur ar fáil i bpríomhréimsí tráchtála, mar shampla urraíocht, margaíocht agus forbairt gnó chun tacú le hinbhuanaitheacht agus fás eagraíochtúil. | FEA SÉ<br>CNR SÉ<br>Cumarsáid SÉ |
| | An lucht saothair a ullmhú don chlaochlú digiteach agus don inbhuanaitheacht | · Oiliúint agus acmhainní a chur ar fáil sna réimsí nuálaíocht, claochlú digiteach, intleacht shaorga agus inbhuanaitheacht. | FEA SÉ<br>Nuálaíocht SÉ |
| | Piarfhoghlaim a chothú trí phobail chleachtais | · Pobail chleachtais a mhéadú agus tacú leo, ar pobail iad a chuireann ar chumas daoine eolas a roinnt, fadhbanna a réiteach go comhoibríoch agus bheith ag foghlaim go leanúnach i measc ceannairí reatha agus ceannairí atá ag teacht chun cinn. | Gach Aonad Gnó SÉ |
| | Forbairt ghairmiúil a neartú trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha | · Comhpháirtíochtaí a bhunú le comhlachtaí gairmiúla agus le heagraíochtaí creidiúnúcháin chun conairí gairme a fheabhsú, chun gairmithe oilte a mhealladh agus chun tacú le caighdeáin uile-earnála. | FEA SÉ<br>CNR SÉ<br>Nuálaíocht SÉ |
| | An soláthar oiliúna a chur i gcomhréir le riachtanais na hearnála trí chomhpháirtíochtaí oideachais | · Comhoibriú le hinstitiúidí tríú leibhéal agus le soláthraithe oiliúna chun rochtain a fháil ar chláir faoi threoir saineolaithe agus a chinntiú go bhfuil an oiliúint saincheaptha do na héilimh reatha agus do na héilimh atá ag teacht chun cinn san earnáil spóirt. D'fhéadfaí a áireamh leis sin cáilíochtaí foirmiúla a chur i gcomhréir leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí, nuair is cuí, chun próifíl an oideachais spóirt agus an t-aitheantas a thugtar dó a mhéadú. | FEA SÉ<br>CNR SÉ<br>Cóitseáil SÉ<br>Nuálaíocht SÉ |

| Colún Straitéiseach | Cuspóir | Gníomh | Faoi Stiúir |
|---|---|---|---|
| **Éagsúlacht sa Lucht Saothair** | Cultúr ionchuimsitheach agus cothrom sa lucht saothair a chothú | · Cláir oiliúna uile-earnála a sholáthar i bhfeasacht faoi mhíchumas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht, agus mná sa spórt, chun cultúir ionchuimsitheacha san áit oibre a fhorbairt agus chun an tuiscint ar riachtanais éagsúla a fheabhsú.<br><br>· Oiliúint agus acmhainní a chur ar fáil chun tacú le cleachtais earcaíochta ionchuimsitheacha, lena chur ar chumas eagraíochtaí éagsúlacht a bhaint amach ina stór tallainne.<br><br>· Feasacht faoi riachtanais inrochtaineachta a chur chun cinn trí oiliúint agus treoir a thairiscint maidir le spásanna oibre ionchuimsitheacha agus samhlacha fostaíochta malartacha do dhaoine faoi mhíchumas nó a bhfuil riochtaí ainsealacha acu. | FEA SÉ<br>MSS SÉ<br>Míchumas SÉ<br>CÉ&I SÉ<br>CNR SÉ<br>Rann-páirtíocht SÉ |
| | Rochtain ar an lucht saothair spóirt agus conairí chuige a mhéadú do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht | · Comhpháirtíochtaí a fhorbairt le cláir for-rochtana, institiúidí oideachais agus gníomhaireachtaí ábhartha chun caidreamh a dhéanamh le pobail faoi ghannionadaíocht agus chun pointí iontrála sa lucht saothair spóirt a chruthú.<br><br>· Cláir phíblíne spriocdhírithe a bhunú chun dul isteach san earnáil spóirt agus forbairt ghairme luath a éascú.<br><br>· Deiseanna tacaíochta agus forbartha leanúnacha a chur ar fáil do dhaoine a théann isteach san earnáil trí chláir phíblíne chun dul ar aghaidh chuig róil cheannaireachta agus chinnteoireachta. | FEA SÉ<br>MSS SÉ<br>Míchumas SÉ<br>CÉ&I SÉ<br>CNR SÉ<br>Rann-páirtíocht SÉ |
| | Lucht saothair éagsúil a aithint agus a choinneáil | · Tacú le tionscnaimh a cheiliúrann an méid a dhéanann fostaithe éagsúla agus a gcoinneáil agus a ndul chun cinn san earnáil a chur chun cinn. | FEA SÉ<br>MSS SÉ<br>Míchumas SÉ<br>CÉ&I SÉ<br>CNR SÉ<br>Rann-páirtíocht SÉ<br>Cumarsáid SÉ |
| **Rannchuidiú Idirnáisiúnta** | Conairí a shainaithint agus caidrimh straitéiseacha a fhorbairt | · Tuiscint níos doimhne a fháil ar na conairí éagsúla do chomhlachtaí spóirt in Éirinn chun caidreamh a dhéanamh le cónaidhmeanna idirnáisiúnta, lena n-áirítear iasachtaí agus malartuithe.<br><br>· Caidrimh a fhorbairt le comhlachtaí idirnáisiúnta agus comhoibriú le cainéil rialtais agus taidhleoireachta chun tacú le hiarrachtaí ionadaíochta.<br><br>· Labhairt ar son Éire a bheith san áireamh ar fhóraim agus coistí cinnteoireachta. | AF SÉ<br>CNR SÉ<br>FEA SÉ<br>Cumarsáid SÉ |
| | Píblíne agus cumais cheannaireachta a fhorbairt | · Oiliúint i gceannaireacht agus deiseanna forbartha agus meantóireachta a chur ar fáil d'fhostaithe sainaitheanta ardacmhainne san earnáil chun píblíne riarthóirí a fhorbairt a bheadh in ann róil cheannaireachta idirnáisiúnta a ghlacadh chucu féin.<br><br>· Daoine i gcomhlachtaí spóirt in Éirinn a spreagadh chun cur isteach ar róil nó freastal ar imeachtaí tábhachtacha líonraithe i gcónaidhmeanna Eorpacha nó idirnáisiúnta. | AF SÉ<br>CNR SÉ<br>FEA SÉ<br>Cumarsáid SÉ |